AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.8.2020
COM(2020) 436 final

2020/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI), déanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Uirlis thábhachtach amháin ina leith seo is ea deiseanna iascaireachta a shocrú i bhfoirm gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus cuótaí.

Le Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta le haghaidh stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin (dá ngairtear "MAP" anseo feasta), sonraítear tuilleadh na luachanna básmhaireachta a shloinntear mar raonta a úsáidtear sa togra seo chun cuspóirí CBI a bhaint amach, go háirithe UTI a bhaint amach agus a choinneáil.

Is é cuspóir an togra seo deiseanna iascaireachta na mBallstát a shocrú, do na stoic éisc is tábhachtaí ó thaobh na tráchtála de i Muir Bhailt, le haghaidh 2021. D'fhonn cinntí maidir le TACanna agus cuótaí bliantúla a shimpliú agus a shoiléiriú, tá deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt á socrú le Rialachán ar leith ó 2006.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Bunaíonn an togra cuótaí ar na leibhéil atá i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Is comhbheartas é an Chomhbheartas Iascaigh. De réir Airteagal 43(3) CFAE, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

Déanann an Rialachán ón gComhairle atá i gceist deiseanna iascaireachta a leithdháileadh ar na Ballstáit. Ag féachaint d'Airteagal 16(6) agus (7) agus d'Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá cead ag na Ballstáit deiseanna den sórt sin a leithdháileadh i measc réigiún nó oibreoirí de réir na gcritéar a leagtar síos sna hAirteagail thuasluaite. Dá bhrí sin, tá neart solúbthachta ag na Ballstáit maidir le cinntí a bhaineann le samhail shóisialta/eacnamaíoch dá rogha chun leas a bhaint as na deiseanna iascaireachta.

Níl aon impleachtaí airgeadais nua ag an togra do na Ballstáit. Glacann an Chomhairle an Rialachán áirithe seo gach bliain, agus tá na modhanna poiblí agus príobháideacha chun é a chur chun feidhme i bhfeidhm cheana féin.

- **Rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

Is togra maidir le bainistiú iascaigh é seo ar bhonn Airteagal 43(3) CFAE.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach do Mhuir Bhailt ar bhonn na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le comhairliúchán ar na Deiseanna Iascaireachta le haghaidh 2021 faoin gComhbheartas Iascaigh COM(2020) 248 final. Ba é an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara a sholáthair bunús eolaíoch an togra. Cuireadh na réamhthuairimí a chuir geallsealbhóirí éagsúla in iúl maidir leis na stoic éisc uile san áireamh a mhéid ab fhéidir sa togra gan a bheith ag teacht salach ar na beartais atá ann cheana ná a bheith ag cur le meath ar staid na n-acmhainní leochaileacha.

Pléadh an chomhairle eolaíoch maidir le teorainneacha ar ghabhálacha agus stádas na stoc freisin leis na Ballstáit i bhfoirm réigiúnach BALTFISH i Meitheamh 2020.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ba é an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara an eagraíocht eolaíoch.

Bíonn comhairle eolaíoch á lorg ag an Aontas ó CITM gach bliain maidir leis an staid ina bhfuil stoic éisc thábhachtacha. Cumhdaítear gach stoc i Muir Bhailt leis an gcomhairle sin a fhaightear agus moltar TACanna do na stoic is tábhachtaí ó thaobh na tráchtála de (http://www.ices.dk/advice/Pages/Latest-Advice.aspx).

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra mar chuid de chur chuige fadtéarmach lena ndéantar leibhéal na hiascaireachta a mhodhnú agus a chothabháil ar leibhéil inbhuanaithe fhadtéarmacha. Meastar go mbeidh brú iascaireachta cobhsaí agus cuótaí níos airde de thoradh an chur chuige sin, agus dá bhrí sin, ioncam níos fearr ann d'iascairí agus dá dteaghlaigh. Meastar go mbeidh an méadú ar líon na ngabhálacha chun tairbhe don tionscal iascaireachta, do thomhaltóirí, don tionscal próiseála agus miondíola agus don chuid eile den tionscal coimhdeach a bhaineann le hiascaireacht tráchtála agus áineasa.

D'éirigh le cinntí a glacadh maidir le deiseanna iascaireachta Mhuir Bhailt le blianta beaga anuas go dtí 2019 básmhaireacht iascaireachta a thabhairt i gcás stoc le comhairle maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) i gcomhréir leis na raonta UTI tráth a socraíodh TAC do na stoic uile seachas scadán Mhuir Bhailt Thiar, agus chun stoic a atógáil agus an acmhainn iascaireachta agus deiseanna iascaireachta a athchothromú. Ar an drochuair, tháinig brú mór ar throisc Mhuir Bhailt Thoir in 2019 agus measann ICES gur dócha go bhfanfaidh an stoc i ndrochstaid sna blianta amach romhainn. Teastaíonn dul chun cinn chun na stoic ar fad a atógáil, cuid acu fós faoi bhun teorainneacha sábháilte, agus chun na stoic uile a chur i gcomhréir le UTI.

Meastar sa chomhairle eolaíoch is déanaí atá ar fáil go bhfuil bithmhais an dá stoc faoi bhun teorainneacha sláintiúla (scadán Mhuir Bhailt Láir agus trosc Mhuir Bhailt Thiar), dhá cheann

faoi bhun teorainneacha bitheolaíocha (scadán Mhuir Bhailt Láir agus trosc Mhuir Bhailt thiar). Chomh maith le trosc Mhuir Bhailt Thoir, tugtar comhairle réamhchúraim do thrí stoc eile (scadán Mhurascaill na Boitnia agus an dá stoc bradán). Tugtar comhairle UTI do dhá stoc agus tá siad ar leibhéil shláintiúla (salán agus scadán i Murascaill Ríge). Dhá stoc atá ag an leathóg a bhfaigheann ceann amháin de na stoic sin comhairle maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) agus tugtar comhairle réamhchúraim don cheann eile.

Agus an méid thuas á chur san áireamh, laghdú 50 % ar na deiseanna iascaireachta do scadán Bhailt Thiar a bheadh de thoradh togra ón gCoimisiún, 70 % do throsc Mhuir Bhailt Thoir, 11 % do throsc Mhuir Bhailt Thiar, 36 % do scadán Mhuir Bhailt Láir, agus 10 % do bhradán i Murascaill na Fionlainne. Méadú 15 % ar dheiseanna iascaireachta do scadán Mhurascaill Ríge a bheadh de thoradh togra an Choimisiúin, 9 % i gcás bradán i bpríomh-imchuach na mara, agus a dhéanfaí iad siúd a thar-rolladh do scadán, salán agus leathóg Mhurascaill na Boitnia.

Beidh tionchar eacnamaíoch na dtograí do 2021 ina laghdú ar na cabhlaigh sna Ballstáit uile. Tríd is tríd, beidh timpeall 425 000 tona de dheiseanna iascaireachta Mhuir Bhailt de thoradh ar an togra ón gCoimisiún i Muir Bhailt, ar laghdú 11.3 % a bheidh i gceist leis i gcomparáid le 2020.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Beidh an togra solúbtha i gcónaí ó thaobh sásraí um malartuithe cuótaí a tugadh isteach cheana sna Rialacháin lena mbaineann deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt sna blianta roimhe sin. Níl aon eilimint nua ná nósanna imeachta riaracháin á mbeartú d'údaráis phoiblí (AE nó náisiúnta) a d'fhéadfadh an t-ualach riaracháin a mhéadú.

Baineann an togra le Rialachán bliantúil don bhliain 2021 agus dá bhrí sin ní áirítear clásal athbhreithnithe ann.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí ag an togra maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle go ndéantar faireachán ar úsáid na ndeiseanna iascaireachta i bhfoirm TACanna agus cuótaí .

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, socraítear do 2021 na deiseanna iascaireachta do stoic áirithe nó do ghrúpaí stoc do na Ballstáit atá ag iascaireacht i Muir Bhailt.

Tháinig Rialachán (AE) 2016/1139 lena mbunaítear MAP do Mhuir Bhailt i bhfeidhm an 20 Iúil 2016. Faoi fhorálacha an phlean seo, tá na deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir le cuspóirí an phlean agus comhlíonfaidh siad na spriocraonta básmhaireachta iascaireachta arna soláthar sa chomhairle eolaíoch is fearr, go háirithe comhairle eolaíoch ó ICES nó ó chomhlacht neamhspleách comhchosúil. Do stoic a bhaineann tairbhe as comhairle maidir le UTI, foráiltear le hAirteagal 4(3) den Phlean Ilbhliantúil go ndéanfar TAC a shocrú i bprionsabal ag luach phointe F_{UTI} nó faoi bhun an F_{UTI} (ar a dtugtar “raon F_{UTI}”), cé gur féidir TAC a shocrú i gcónaí faoi raonta an F_{UTI} de réir Airteagal 4(4) den Phlean Ilbhliantúil. Do stoic shláintiúla féadfar TAC, faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(5) den

Phlean Ilbhliantúil, a shocrú os cionn luach phointe an raon F_{UTI} (ar a dtugtar "raon F_{UTI}"). Do stoic a bhfuil bithmhais acu atá faoi bhun teorainneacha sláintiúla (ar a dtugtar "$B_{trigger}$"), foráiltear le hAirteagal 5(1) den Phlean Ilbhliantúil go nglacfar bearta ceartaitheacha iomchuí chun a áirithiú go bhfillfidh an stoc go tapa ar leibhéil shláintiúla agus go háirithe go socrófar TAC ar leibhéal laghdaithe faoi bhun an raoin uasta F_{UTI}. Má tá bithmhais stoic faoi bhun na dteorainneacha bitheolaíocha sábháilte ("B_{lim}" mar a thugtar air), foráiltear le hAirteagal 5(2) den Phlean Ilbhliantúil go nglacfar bearta ceartaitheacha breise. Dar le bun-Rialachán CFP, tá deiseanna iascaireachta do stoic a fhaigheann comhairle réamhchúraim le socrú lena n-áiritheofar ar a laghad leibhéal caomhnaithe inchomparáide. Ar deireadh, sonraítear in aithris 8 den bhun-Rialachán gur cheart a chur san áireamh sna cinntí bainistíochta a bhaineann le hiascaigh mheasctha an deacracht a bhaineann leis na stoic uile in iascach measctha a iascach ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe ag an am céanna, go háirithe i gcásanna ina dtugtar le tuiscint le comhairle eolaíoch gur fíordheacair é feiniméan an "tachtspeiceas"a sheachaint trí mhéadú ar roghnaíocht na dtrealamh iascaireachta atá á n-úsáid.

Tá na deiseanna iascaireachta á mbeartú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) (a thagraíonn do phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta) agus le hAirteagal 16(4) (a thagraíonn do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh agus do na rialacha dá bhforáiltear i bpleananna ilbhliantúla) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

I gcás inarb ábhartha, d'fhonn cuótaí an Aontais a shocrú do na stoic a roinntear le Cónaidhm na Rúise, rinneadh cainníochtaí na stoc sin faoi seach a asbhaint ó na TACanna a mhol ICES. Léirítear na TACanna agus na cuótaí arna leithdháileadh ar na Ballstáit san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

Do scadán Mhuir Bhailt Thiar, tá an méid stoic atá measta ag ICES fós faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais, faoina bhun a d'fhéadfadh laghdú a bheith ar an acmhainn atáirgthe (B_{lim}) mar atá leagtha síos ag ICES. Agus an laghdú breise i mbithmhais mheasta scadán Mhuir Bhailt Thiar go dtí 48 % den luach tagartha íosta (B_{lim}), beartaíonn an Coimisiún de bhun Airteagal 5(2) agus Airteagal 4(4) den Phlean ilbhliantúil TAC a shocrú ar leibhéal níos ísle ná raonta F_{UTI}. Beartaíonn an Coimisiún an luach raoin níos ísle a úsáid agus laghdú breise a chur leis mar bheart feabhais. An toradh atá air sin TAC de 1 575 tona (-50 %).

Do throsc Mhuir Bhailt Thoir, tar éis roinnt blianta bhí ICES in ann measúnú anailíseach a dhéanamh anuraidh. Mar sin féin, ní raibh ICES in ann luachanna raonta básmhaireachta UTI a chinneadh agus dá bhrí sin d'eisigh sé comhairle réamhchúraim. Thairis sin, mheas ICES go raibh méid an stoic faoi bhun na dteorainneacha (B_{lim}) sábháilte (Blim) agus go bhfanfadh sé faoina bhun sa ghearrthéarma fiú mura ndéanfaí aon iascaireacht in aon chor. Measann ICES gur tháinig laghdú breise ar an mbithmhais ó anuraidh anois agus d'athdhearbhaigh sí an chomhairle le haghaidh 2021 gan aon ghabháil a dhéanamh. Mar sin féin, amhail an bhliain seo caite, thachtfaí an chuid is mó de na hiascaigh i Muir Bhailt dá ndéanfaí TAC náid a shocrú. I mí na Bealtaine 2020, chuir ICES comhairle nuashonraithe ar fáil maidir le leibhéil trosc i dtéarmaí foghabhálacha éisc in iascaigh eile. Dá bhrí sin, bunaithe ar chur chuige atá cosúil leis an gcur chuige a glacadh anuraidh, tá beartaithe ag an gCoimisiún TAC a shocrú a bheadh teoranta d'fhoghabhálacha dosheachanta in iascaigh eile seachas i gcás iascaigh atá go hiomlán eolaíoch. Bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch sin, tá beartaithe ag an gCoimisiún na deiseanna iascaireachta a shocrú don leibhéal a chomhfhreagraíonn do leibhéal foghabhála de 20 %. Thairis sin, de bharr stádas stoc na dtrosc i Muir Bhailt Thoir agus comhairle ó ICES go bhféadfadh sé go mbeadh tairbhí breise ag baint le cosc le linn an tséasúir sceite nach féidir a bhaint amach le TAC amháin (e.g. breis earcaíochta trí sceitheadh neamhchorraithe), tá beartaithe ag an gCoimisiún cosc le linn sceitheadh an tsamhraidh a choinneáil agus eisceacht

a dhéanamh d'iascaigh atá go hiomlán eolaíoch agus iascaigh chósta ar mhionscála ina n-úsáidtear trealamh éighníomhach. Ar deireadh, tá beartaithe ag an gCoimisiún toirmeasc ar iascaireacht áineasa i bhForoinn 25 agus Foroinn 26 a choinneáil ar bun toisc go mbeadh na cainníochtaí a ghabhtar suntasach i gcomparáid le TAC na foghabhála.

Maidir le trosc Mhuir Bhailt Thiar, chuir ICES in iúl anuraidh go raibh staid an stoic leochaileach agus go raibh sé ag dul in olcas arís. Dá bhrí sin, socraíodh deiseanna iascaireachta i gcuid íseal an íochtair F_{MSY} agus tugadh isteach cosc le linn sceitheadh an gheimhridh a bhí fada agus méadaithe arís do Foranna 22 agus 23 – cé is moite d'iascaigh atá go hiomlán eolaíoch agus iascaigh chósta áirithe ar mhionscála ina n-úsáidtear trealamh éighníomhach – ós rud é go measann ICES go bhféadfaidh tairbhí breise a bheith ag baint le dúnadh den sórt sin nach féidir a bhaint amach le TAC amháin. Ós rud é go gcuireann iascaireacht áineasa go mór le básmhaireacht iascaireachta, laghdaíodh an teorainn mála d'iascaireacht áineasa a mhéid céanna agus a laghdaítear TAC. Ar deireadh, agus trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar ag meascadh le chéile i bhForoinn 24 agus de réir na mbeart éigeandála a glacadh in 2019, toirmeascadh iascaireacht dhírithe ar throsc agus ní cheadaítear ach foghabhálacha dosheachanta a ghabháil thar sé mhuirmhíle ón gcósta i bhForoinn 24, seachas i gcás iascaigh eolaíochta amháin agus iascaigh chósta áirithe ar mhionscála ina n-úsáidtear trealamh éighníomhach. Thairis sin, agus d'fhonn cothrom iomaíochta a bhunú le limistéar bainistithe trosc Mhuir Bhailt thoir, toirmeascadh iascaireacht áineasa a théann thar sé mhuirmhíle amach ón gcósta i bhForoinn 24 ós rud é gur sna limistéir sin atá formhór na dtrosc, agus tugadh isteach cosc le linn an tsamhraidh ón 1Meitheamh go dtí an 31 Iúil, eisceacht a dhéanamh d'iascaigh atá go hiomlán eolaíoch agus iascaigh chósta áirithe ar mhionscála ina n-úsáidtear trealamh éighníomhach. Ainneoin súilíochtaí dearfacha a bheith ann anuraidh, d'fhan bithmhais an stoic faoi bhun leibhéil shláintiúla ($B_{trigger}$). Le haghaidh 2021, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, na bearta tionlacain a choimeád gan athrú trí ailíniú a dhéanamh ar an tréimhse choiscthe i bhForoinn 24 leis an tréimhse choiscthe i bhforanna 25 agus 26, i.e lena gcumhdaítear (an 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa), agus na deiseanna iascaireachta a shocrú ag an luach ag an bpointe íochtarach (F_{lower}) agus na cainníochtaí a chur leis na deiseanna sin a bhfuil cainníochtaí na bhfoghabhálacha troisc i bhForoinn 24 arna soláthar ag ICES i gcomhréir le leibhéal foghabhála 20 % seachas i gcás iascaigh chósta ar mhionscála a bhíonn ag iascach le trealamh éighníomhach a gcuirtear 100 % leis ós rud é nach gcumhdaítear na hiascaigh sin leis an teorainn foghabhála.

Measann ICES go bhfuil bithmhais scadán lárnach faoi bhun leibhéil shláintiúla ($B_{trigger}$). Tá beartaithe ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) na deiseanna iascaireachta a shocrú faoi bhun an raoin uasta F_{MSY}. Measann ICES gur cheart don bhithmhais a bheith os cionn leibhéil shláintiúla cheana féin in 2021 leis an leibhéal básmhaireachta iascaireachta sin.

Comhlíonann na TACanna atá beartaithe do scadán i Murascaill Ríge agus do shalán an raon básmhaireacht iascaireachta UTI dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2016/1139. Leanann an salán de bheith ag brath ar aicme bliana maithe amháin, rinneadh an bhithmhais mheasta a laghdú agus tá laghdú tagtha uirthi. Ba cheart aicme na bliana 2019, an bhliain is déanaí, a mheastar a bheith os cionn an mheáin, a chaomhnú do na blianta amach anseo. Thairis sin, ba cheart breithnithe idirspeicis a chur san áireamh mar go ngabhtar salán in iascach measctha le scadán nach mór laghdú suntasach a dhéanamh ar TAC faoi rialacha an Phlean Ilbhliantúil. Faoi na cúinsí sin agus d'fhonn a sheachaint go mbeidh an baol ann go gcuirfear le laghduithe sa todhchaí, tá beartaithe ag an gCoimisiún gan TAC a mhéadú agus dá bhrí sin, molann sé tar-rolladh.

Comhfhreagraíonn TAC le haghaidh leathóg do mheascán de chomhairle UTI i gcás i bhforanna 21 go 23 agus de chur chuige ICES i gcás stoc atá teoranta ó thaobh sonraí don stoc i bhforanna 24 go 32. Tá tar-rolladh beartaithe ag an gCoimisiún mar gheall ar bhreithnithe

idir speicis. Foghabhálacha dosheachanta in iascaigh leathóg é trosc, agus tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na deiseanna iascaireachta do throsc a laghdú.

Comhfhreagraíonn TACanna bradán sa phríomh-imchuach, bradán i Murascaill na Fionlainne agus scadán i Murascaill na Boitnia don chur chuige a d'fhorbair ICES agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le stoic atá teoranta ó thaobh sonraí de. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na deiseanna iascaireachta a shocrú de réir na gcainníochtaí a mhol ICES. Maidir le bradán sa phríomh-imchuach, d'iarr an Fhionlainn agus an Eastóin go gcoinneofaí an tsolúbthacht theoranta idirlimistéir ar bun. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún na deiseanna iascaireachta sa phríomh-imchuach a mhéadú ach iad siúd i Murascaill na Fionlainne a laghdú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún laghdú a dhéanamh ar an tsolúbthacht idir-limistéir go dtí 25 % agus 500 eiseamal.

Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle, tugadh coinníollacha breise isteach maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear, faoi Airteagail 3 agus 4, forálacha solúbthachta le haghaidh TACanna réamhchúraim agus anailíseacha faoi seach. Faoi Airteagal 2 de, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 nó 4 maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Níos déanaí fós, tugadh an sásra solúbthachta isteach le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le gach stoc a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, d'fhonn solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach na mbeo-acmhainní bitheolaíocha muirí a chuirfeadh bac ar ghnóthú chuspóirí CBI, ba cheart a shoiléiriú nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ach amháin i gcás nach mbaineann na Ballstáit leas as an tsolúbthacht bliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

2020/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear, le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa[1] agus ón gComhairle, go nglactar bearta caomhantais agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascaigh agus ag comhlachtaí comhairleacha eile, mar aon le comhairle a fhaightear ó Chomhairlí Comhairleacha a bunaíodh do na limistéir gheografacha ábhartha nó do na réimsí inniúlachta ábhartha agus do mholtaí comhpháirteacha arna ndéanamh ag na Ballstáit.

(2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. Ba cheart deiseanna iascaireachta a leithdháileadh chuig na Ballstáit chun go n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta gníomhaíochtaí gach Ballstát le haghaidh gach stoic nó iascaigh agus ag féachaint do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (“CBI”) a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(3) Foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gurb é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh ráta saothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe (“UTI”) a bhaint amach faoi 2015 i gcás inar féidir agus, ar bhonn forchéimnitheach incriminteach do 2020 ar a dhéanaí do na stoic uile.

(4) Ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (“TACanna”) a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar ghnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus aird á tabhairt ar na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le geallsealbhóirí.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(5) Bunaítear le Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] Plean ilbhliantúil do na stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus don iascach i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic ("an plean"). Is é is aidhm don phlean a áirithiú go ndéanfaidh saothrú beo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ar bun os cionn leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Chuige sin, tá spriocbhásmhaireacht iascaireachta na stoc lena mbaineann, arna sloinneadh ina raonta, le baint amach a luaithe is féidir, agus ar bhonn forchéimnitheach agus incriminteach, faoi 2020. Tá na teorainneacha gabhála is infheidhme in 2021 maidir le stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt le leagan síos i gcomhréir le cuspóirí an phlean.

(6) Thug an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ("ICES") nach raibh bithmhais scadán Mhuir Bhailt Thiar i bhForoinn 20 go Foroinn 24 ach 48 % de luach tagartha na teorann do bhithmhais stoic sceite, ar faoina bhun a d'fhéadfadh acmhainn atáirgthe laghdaithe a bheith ann (B_{lim}). Dá bhrí sin, d'eisigh ICES ina comhairle bhliantúil maidir le stoc an 29 Bealtaine 2020 comhairle eolaíoch gan aon ghabhálacha a bheith ann. I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, tá gach beart feabhais iomchuí le glacadh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann UTI a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglaítear leis an bhforáil sin bearta feabhais breise a ghlacadh. Chuige sin, is gá go gcuirfí san áireamh an amlíne maidir le cuspóirí CBI i gcoitinne, agus go háirithe an plean i bhfianaise na héifeachta a mheastar a bheidh ag na bearta feabhais a rinneadh, agus ag an am céanna cloí leis na cuspóirí maidir le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Dá réir sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/1139, is iomchuí go socrófar deiseanna iascaireachta do scadán Mhuir Bhailt Thiar ar leibhéil níos ísle ná na raonta básmhaireachta iascaireachta, chun an laghdú ar an mbithmhais a chur san áireamh.

(7) Maidir le stoc trosc Mhuir Bhailt Thoir, tá ICES in ann a chomhairle réamhchúraim a bhunú arís ar mheasúnú atá níos iomláine ó thaobh sonraí de ó 2019 i leith. Measann ICES go bhfuil an bhithmhais faoi bhun B_{lim} agus go bhfuil laghdú breise tagtha uirthi ó anuraidh anois. Dá bhrí sin, d'athbhearbhaigh ICES a comhairle nach ndéanfaí aon fhoghabháil ar throsc Mhuir Bhailt Thoir le haghaidh 2021. Mar sin féin, níl ICES in ann luachanna na raonta básmhaireachta iascaireachta a chinneadh. Amhail anuraidh, má shocraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic Mhuir Bhailt Thoir ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle eolaíoch, thiocfadh feiniméan an "tachtspeicis" chun cinn de thoradh na hoibleagáide na gabhálacha ar fad in iascaigh mheasctha a thabhairt i dtír le foghabhálacha trosc Mhuir Thoir a thabhairt i dtír. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir iascaigh a choimeád ar bun i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach don stoc, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le gach stoc a iascach in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe ag an am céanna, is iomchuí TAC sonrach

[2] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha troisc Mhuir Bhailt Thoir. Tá na deiseanna iascaireachta le socrú i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139.

(8) I mí na Bealtaine 2020, chuir ICES comhairle nuashonraithe ar fáil maidir le leibhéil trosc i dtéarmaí foghabhálacha éisc in iascaigh eile. Is iomchuí na deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle speisialta, seachas oibríochtaí iascaireachta a dhéantar chun críche imscrúduithe eolaíocha agus, chun na críche sin amháin, agus go hiomlán i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Thairis sin, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, tá gach beart feabhais iomchuí le glacadh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann UTI a tháirgeadh. Ós rud é go dtugtar le fios leis an gcomhairle eolaíoch go bhféadfadh tairbhí breise a bheith ag stoc nach féidir a bhaint amach le TAC amháin, mar shampla ardú ar earcaíocht trí sceitheadh neamhchorraithe, is iomchuí an cosc le linn sceitheadh an tsamhraidh atá ann cheana a choinneáil ar bun. Thairis sin, léirítear leis an gcomhairle eolaíoch go mbíonn tábhacht choibhéiseach na n-iascach áineasa trosc i Muir Bhailt Thoir ag brath ar leibhéal TAC. De bharr an laghdaithe ar TAC, meastar gur cainníochtaí suntasacha iad na cainníochtaí a ghabhtar in iascaigh áineasa agus is iomchuí, dá bhrí sin, an toirmeasc ar iascaireacht áineasa trosc i bhForanna 25-26 ina bhfuil an trosc i Muir Bhailt Thoir níos flúirsí.

(9) Maidir le stoc trosc Mhuir Bhailt Thiar, rinne ICES athbhreithniú ar an laghdú ar an mbithmhais agus measann sí nach ndearnadh trosc Mhuir Bhailt Thiar a athshlánú os cionn an phointe tagartha do bhithmhais stoic sceite ar faoina bhun a dhéanfar gníomhaíocht shonrach agus iomchuí bainistíochta ($B_{trigger}$). Is iomchuí dá bhrí sin na bearta tionlacain a tugadh isteach do 2020 a choinneáil ar bun agus na deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/1139 agus na leibhéil trosc arna ngabháil in iascaigh eile i bhForoinn 24, ar ina leith a thug ICES comhairle, á gcur san áireamh chun a bheith comhleanúnach leis an gcur chuige a leanadh i limistéar bainistithe troisc Mhuir Bhailt Thoir. Thairis sin, léirítear leis an gcomhairle eolaíoch gur i bhForoinn 24 atá an meascán idir stoic trosc san iarthar agus san oirthear. Chun stoc throisc Mhuir Bhailt Thoir a chosaint agus cothroime iomaíochta a áirithiú le limistéar bainistithe troisc Mhuir Bhailt Thoir, ba cheart úsáid TAC i bhForoinn 24 a theorannú d'fhoghabhálacha trosc seachas i gcás oibríochtaí iascaireachta a dhéantar chun críche na n-imscrúduithe eolaíocha, agus chun na críche sin amháin, agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 agus i gcás iascairí cósta ar mhionscála a bhfuil trealamh éighníomhach acu i limistéir suas le sé mhuirmhíle ón gcósta a bhfuil doimhneacht an uisce níos lú ná 20 méadar ós rud é gurb é trosc Mhuir Bhailt Thoir is flúirsí sna limistéir éadoimhne cósta. Thairis sin, ba cheart an tréimhse choiscthe i bhForoinn 24 a ailíniú leis an tréimhse choiscthe i bhForanna 25 agus 26 d'fhonn cosaint chomhionann a áirithiú i gcomhréir le comhairle ó ICES.

[3] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(10) Dá réir sin, agus d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú le Foranna 25 agus 26, ba cheart leanúint de thoirmeasc a chur ar iascaireacht troisc i bhForoinn 24 thar sé mhuirmhíle amach ón gcósta. Thairis sin, ós rud é léirítear leis an gcomhairle eolaíoch go gcuireann iascaigh áineasa go mór le básmhaireacht fhoriomlán iascaireachta an stoic agus le laghdú TAC, ba cheart an teorainn laethúil gabhála in aghaidh an iascaire a choinneáil ar bun. Ní dochar do phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála atá sa mhéid seo. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil stádas leochaileach ag an stoc agus go léirítear leis an gcomhairle eolaíoch gur féidir tairbhí breise a bheith ag baint le cosc le linn an tséasúir sceite go háirithe do stoc nach féidir a bhaint amach le TAC amháin, mar shampla ardú ar earcaíocht trí sceitheadh neamhchorraithe, ba cheart cosc le linn sceitheadh an gheimhridh a choinneáil ar bun, seachas d'iascairí cósta áirithe ar mhionscála agus na himscrúduithe agus na himscrúduithe eolaíocha réamhluaite.

(11) Measann ICES go bhfuil bithmhais scadáin Mhuir Bhailt tite faoi bhun an phointe tagartha do bhithmhais stoic sceite ar faoina bhun a dhéanfar gníomhaíocht shonrach agus iomchuí bainistíochta ($B_{trigger}$). Is iomchuí dá bhrí sin na deiseanna iascaireachta a shocrú de réir Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2016/1139.

(12) De réir comhairle ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht, bíonn trosc á ghabháil in iascaigh leathóg. Thairis sin, gabhtar saláin in iascach measctha le scadáin agus is speiceas creiche don trosc é. Is iomchuí na breithnithe sin idir speicis a chur san áireamh maidir leis na deiseanna iascaireachta a shocrú do leathóga agus do shaláin.

(13) Chun úsáid iomlán na ndeiseanna iascaireachta cósta a áirithiú, tugadh isteach solúbthacht theoranta idirlimistéir do bhradáin ó Fhoroinn 22 agus 31 ICES go Foroinn ICES 32 ó 2019 i leith. I bhfianaise na n-athruithe ar dheiseanna iascaireachta don dá stoc sin, is iomchuí an tsolúbthacht sin a mhéadú.

(14) Nuair a tugadh isteach toirmeasc ar iascaireacht breac geal thar cheithre mhuirmhíle agus teorannú ar fhoghabhálacha breac geal go dtí 3 % de chomhghabháil breac geal agus bradán, tháinig laghdú suntasach ar mhíthuairisciú gabhálacha san iascach bradán a bhí tábhachtach roimhe seo, go háirithe mar ghabhálacha breac geal. Is iomchuí dá bhrí sin an fhoráil sin a choinneáil ar bun chun an míthuairisciú a choinneáil ag leibhéal íseal.

(15) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[4] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 de, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thaifeadadh agus maidir le sonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta a tharchur chuig an gCoimisiún. Ba cheart a shonrú sa Rialachán seo na cóid a bhaineann le stoic a thabhairt i dtír stoc atá faoi réir an Rialacháin seo agus atá le húsáid ag na Ballstáit agus sonraí á seoladh chuig an gCoimisiún.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(16) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 [5]ón gComhairle, tugadh coinníollacha breise isteach maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear, faoi Airteagail 3 agus 4, forálacha solúbthachta le haghaidh TACanna réamhchúraim agus anailíseacha. Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 nó 4 maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Níos déanaí fós, tugadh an sásra solúbthachta ó bhliain go bliain isteach le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le gach stoc a bheidh faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, d'fhonn solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach na mbeo-acmhainní bitheolaíocha muirí, a chuirfeadh bac ar ghnóthú chuspóirí CBI agus a chuirfeadh meath ar stádas bitheolaíoch na stoc, ba cheart a shuí nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le TACanna anailíseacha ach amháin i gcás nach mbaintear leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(17) Thairis sin, ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic trosc i Muir Bhailt Thoir faoi bhun B_{lim} agus nach gceadaítear ach iascaigh foghabhála agus eolaíocha in 2021, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin gan Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis an stoc sin in 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar TAC arna socrú.

(18) Bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch nua, ba cheart TAC tosaigh le haghaidh trosc Ioruach i Roinn 3a ICES agus in uiscí an Aontais de Roinn 2a ICES agus i bhFolimistéar 4 ICES a bhunú don tréimhse ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021.

(19) Chun briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint agus chun slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2021. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an trosc Ioruach i Roinn 3a ICES agus in uiscí an Aontais de Roinn 2a agus i bhFolimistéar 4 de ICES ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach arna fhoilsiú.

[5] Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bhainistiú bliantúil na ngabhálacha iomlána is incheadaithe agus na gcuótaí (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, socraítear na deiseanna iascaireachta do stoic éisc áirithe agus do ghrúpaí stoc éisc i Muir Bhailt le haghaidh 2021 agus lena leasaítear deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile arna socrú le Rialachán (AE) 2020/123[6].

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí an Aontais a oibríonn i Muir Bhailt.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hiascaigh áineasa i gcás ina dtagraítear go sainráite dóibh sna forálacha ábhartha.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin sin, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 1380/2013. Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "forannán" foroinn ICES de Mhuir Bhailt mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 218/2009 ón gComhairle[7];

(2) ciallaíonn "an ghabháil iomlán is incheadaithe" ("TAC") líon gach stoic ar ceadmhach a ghabháil in imeacht bliana;

(3) ciallaíonn "cuóta" an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

(4) ciallaíonn "iascaigh áineasa" gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara mar shampla le haghaidh áineasa, turasóireachta nó spóirt.

---

6 Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear do 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

7 Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú) (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

CAIBIDIL II

DEISEANNA IASCAIREACHTA

Airteagal 4

TACanna agus cionrannta

Leagtar amach san Iarscríbhinn na TACanna, na cuótaí agus na coinníollacha a bhaineann go feidhmiúil leo, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 5

Forálacha speisialta maidir le cionrannta deiseanna iascaireachta

Beidh cionroinnt deiseanna iascaireachta i measc na mBallstát, mar a leagtar amach iad sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) gabhálacha breise arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(d) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 nó a aistríodh faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 6

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Sainaithnítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de na teorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 atá incháilithe don mhaolú ón oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh an chuóta ábhartha.

Airteagal 7

Bearta maidir le hiascaigh áineasa do throsc i bhForanna 22 go 26

1. In iascaigh áineasa, ní fhéadfar níos mó ná cúig eiseamal trosc a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae i bhForanna 22 agus 23 agus i bhForoinn 24 laistigh de shé mhuirmhíle arna dtomhas ó na bunlínte.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal trosc a choinneáil in aghaidh an iascaire n aghaidh an lae i bhForanna 22 agus 23 agus i bhForoinn 24 laistigh de shé mhuirmhíle arna dtomhas ó na bunlínte sa tréimhse ón 1 Feabhra go dtí an 31 Márta 2021.

3. Toirmeascfar iascaireacht áineasa i bhForoinn 24 thar sé mhuirmhíle arna tomhas ó na bunlínte, agus i bhForanna 25 agus 26.

3. Tá míreanna 1, 2 agus 3 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine.

Airteagal 8

Bearta maidir le bric gheala agus iascaireacht bradán i bhForanna 22 go 32

1. Tá cosc ar shoithí iascaireachta breac geal a iascach thar cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bunlínte i bhForanna 22 go 32 ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021. Agus bradáin á n-iascaireacht sna huiscí sin, ní rachaidh foghabhálacha breac geal thar 3 % de ghabháil iomlán na mbradán agus na mbreac geal tráth ar bith a bheidh ar bord nó tugtha i dtír tar éis gach turais iascaireachta.

2. Tá mír 1 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir le hiascaigh áineasa.

Airteagal 9

Solúbthacht

1. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus ag Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3(2) agus (3) agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 10

Tarchur sonraí

Nuair a sheolfaidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le cainníochtaí na stoc a ghabhtar nó a thugtar i dtír chuig an gCoimisiún, de bhun Airteagal 33 agus Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 11

Leasú ar Rialachán (AE) 2020/123

In Iarscríbhinn IA, cuirtear an méid seo a leanas in áit an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach agus foghabhálacha gaolmhara i bhForoinn 3a ICES agus uiscí an Aontais i bhFolimistéir 2a agus 4:

“

Speiceas:	trosc Ioruach agus foghabhálacha gaolmhara *Trisopterus esmarki*				Limistéar:	3a; Uiscí de chuid an Aontais in 2a agus 4 (NOP/2A3A4.)
Bliain	**2020**		**2021**			
an Danmhairg	64 940	(1)(3)	pm	(1)(6)		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
an Ghearmáin	12	(1)(2)(3)	pm	(1)(2)(6)		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Ísiltír	48	(1)(2)(3)	pm	(1)(2)(6)		
an tAontas	65 000	(1)(3)	pm	(1)(6)		
an Iorua	14 500	4.	pm	4.		
Oileáin Fharó	5 000	5.	pm	(5)		
TAC	Ní bhaineann sé le hábhar		Ní bhaineann sé le hábhar			

(1)	Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha cadóg agus faoitíní (OT2/* 2A3A4). Foghabhálacha cadóg agus faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.
(2)	Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach in uiscí an Aontais i limistéir 2a, 3a agus 4 ICES.
(3)	Ní fhéadfar cuóta an Aontais a iascach ach ón 1 Samhain 2019 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020.
(4)	Bainfear úsáid as greille shórtála.
(5)	Bainfear úsáid as greille shórtála. Airítear leis seo uasmhéid 15 % d'fhoghabhálacha dosheachanta (NOP/*2A3A4), nach mór a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo.
(6)	Féadfar cuóta an Aontais a iascach ón 1 Samhain 2020 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021.

“

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón Dé hAoine 1 Eanáir 2021. Ina ainneoin sin, beidh feidhm ag Airteagal 11 ón Domhnach 1 Samhain 2020 go dtí an Domhnach 31 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán